# Ciníochas, idirdhealú eitneach agus eisiamh sóisialta i spórt

Cuireann **Airteagal 21** a thagann faoin gCaibidil Chomhionannais de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh cosc ar idirdhealú ar roinnt foras, lena n-áirítear cine, bunús eitneach nó sóisialta agus ballraíocht de mhionlach náisiúnta.

## Comhthéacs beartais

Is ábhar spéise méadaitheach don Aontas Eorpach é cumas an spóirt luachanna daonna a léiriú. Ag an am céanna, tá athrú suntasach tagtha ar bhraistint agus ar fheasacht an chiníochais agus an idirdhealaithe i spórt ag leibhéal Eorpach le deich mbliana anuas, ar a laghad sa pheil, le riachtanas éiritheach chun gníomhartha. Comhthacaíonn gníomhaithe agus geallsealbhóirí Eorpacha agus idirnáisiúnta atá gníomhach i réimse an spóirt leis an bhforbairt seo de chur chuige níos gníomhaí i gcoinne ciníochas agus idirdhealú i gcúrsaí spóirt.

I dtuarascáil nua, déanann Gníomhaireacht an AE um Chearta Bunúsacha (FRA) scrúdú mionsonrach ar na saincheisteanna seo.

## Ag leathnú na rannpháirtíochta i spóirt

**I** go leor spórt ar fud an Aontais Eorpaigh, déantar gannionadaíocht ar mhionlaigh agus imircigh, go háirithe i bpoist bhainistíochta na n-eagraíochtaí spóirt. Déantar gannionadaíocht ach go háirithe ar mhná agus ar chailíní le cúlra mionlaigh nó imircigh acu.

**I** roinnt tíortha, féadfaidh eisiamh sóisialta agus leithlisiú geografach a bheith mar chúis le rannpháirtíocht íseal na Romach agus na dTaistealaithe i gcúrsaí spóirt. Laghdaíonn do-úsáidteacht na n-áiseanna spóirt i gceantair áirithe leibhéil rannpháirtíochta roinnt grúpaí freisin.

***Ag treisiú feasachta agus ag feabhsú éagsúlachta***

*Tá gá le breis gníomhaíochtaí sprioctha um ardú feasachta á gcur i gcrích ag comhlachtaí rialachais, cónaidhmeanna agus cumainn spóirt chun cumas cuimsitheach an spóirt a thabhairt chun réadúlachta. Ba cheart go n-áireodh gníomhaíochtaí dá leithéid cláir éagsúlachta chun spreagadh a thabhairt do rannpháirtíocht na n-imirceach agus na mionlach eitneach, nó tionscnaimh chun na bacainní a bhaint i ndáil le rochtain ar phoist bhainistíochta in eagraíochtaí spóirt.*

## Monatóireacht na dteagmhas ciníochais i spórt

Is minic go dtuairiscítear teagmhais chiníochais i measc lucht féachana na n-imeachtaí spóirt sna meáin. I bpeil na bhfear, mar shampla, is iad na leantóirí a ndéantar a thaifead mar phríomh-dhéantóirí na dteagmhas dá leithéid.

Mar sin féin, tarlaíonn teagmhais chiníochais i measc imreoirí freisin, go háirithe i gcás spóirt amaitéarach.

D'fhéadfadh moltóirí agus oifigigh chumainn a bheith páirteach freisin i dteagmhais chiníochais. Sa bhreis air sin, tarlaíonn líon suntasach teagmhas i gcomhthéasc de chuid spórt na n-ógánach.

Níl córais a dhéanann monatóireacht ar theagmhais chiníochais i láthair ach i roinnt Ballstát de chuid an AE. Tá cuid acu forbartha níos mó agus gabhann siad níos mó teagmhais chiníochais ná cinn eile; baineann formhór na sonraí infhaighte, áfach, le cúrsaí peile.

***Monatóireacht éifeachtach***

*Déantar údaráis naisiúnta agus áitiúla a spreagadh chun bealaí éifeachtúla a fhorbairt d'fhonn monatóireacht a dhéanamh ar theagmhais chiníochais agus ar idirdhealú i spórt i ndlúthchomhar le cónaidhmeanna spóirt chun feabhas a chur ar thaifeadadh na dteagmhas, agus chun éascú a dhéanamh ar ghearán aonair a thaisceadh freisin.*

## Láidriú na rialála agus an fhorfheidhmithe i gcoinne teagmhais chiníochais i spórt

**I**s minic go gcuimsíonn reachtanna nó cáipéisí comhchosúla de chuid na n-eagraíochtaí spóirt Eorpacha nó idirnáisiúnta forálacha frith-chiníochais nó frith-idirdhealaithe. Mar sin féin, is beag eagraíocht a bhfuil gnáthaimh araíonachta soiléire i bhfeidhm acu i gcoinne iompar ciníoch nó idirdhealaithe, le heisceacht na n-eagraíochtaí peile agus cruicéid idirnáisiúnta.

**C**uimsíonn rialacháin araíonachta de chuid Aontas Chumainn Sacair na hEorpa (UEFA), mar shampla den dea-chleachtas, forálacha frith-chiníochais agus catalóg na smachtbhannaí diúltacha i gcás sáraithe.

***Chun rialacháin frith-chiníochais a dhéanamh níos éifeachtaí:***

*Ní mór do chomhlachtaí rialachais spóirt rialacháin frith-chiníochais agus bearta comhionannais éifeachtacha a mhionsaothrú agus a fhorfheidhmiú. Féadfaidh an Coimisiún Eorpach ról a bheith aige i gcomhordú a dhéanamh ar mhalartú an dea-chleachtais idir Bhallstáit sa chomhthéacs seo.*

*Is ionstraim dlíthiúil thábhachtach é Cinneadh Réime na Comhairle um dhul i ngleic le cineálacha agus léiriúcháin áirithe ciníochais agus seineafóibe sa dlí coiriúil a d'fhéadfaí a úsáid chun dul i ngléis le ciníochas i gcúrsaí spóirt.*

## Comhlachtaí Comhionannais agus spórt

Léiríonn tuarascáil an FRA in ar a laghad 16 Ballstát de chuid an AE go dtéann Comhlachtaí Comhionannais agus institiúidí eile, ar nós Institiúidí Náisiúnta um Chearta an Duine (INCD), i mbun gníomhaíochta i gcásanna de theagmhas ciníochais agus idirdhealú eitneach i gcúrsaí spóirt.

***Páirt a thabhairt do Chomhlachtaí Comhionannais i ndul i ngleic le ciníochas agus idirdhealú eitneach i gcúrsaí spóirt:***

Ba cheart go mbeadh Comhlachtaí Comhionannais agus Institiúidí Náisiúnta um Chearta an Duine (INCD) níos rannpháirtí i ndáil le haghaidh a thabhairt ar idirdhealú i spórt. D'fhéadfadh na comhlachtaí seo tacú le cónaidhmeanna agus cumainn spóirt i leith gníomhaíochtaí um ardú feasachta a fhorbairt. D'fhéadfadh siad tacaíocht a sholáthar d'íospartaigh ionchais agus, sa chás go gceadaítear a leithéid seo, páirt a ghlacadh i gcaingean dlí i gcoinne déantóirí na coire.

# Cúlra

Tá tuarascáil an FRA bunaithe ar agallaimh le saineolaithe agus geallsealbhóirí ábhartha, agus ar shonraí agus ar fhaisnéis tánaisteach ag clúdach an tréimhse 2003-2008. Sa bhreis air sin, sholáthair geallsealbhóirí ionchur ar leibhéal Eorpach agus náisiúnta lena n-áirítear cónaidhmeanna spóirt náisiúnta. Rinne an taighde scrúdú ar spóirt phroifisiúnta agus amaitéaracha ina raibh páirt ag fir, mná agus leanaí nó ógánaigh iontu.

**R**inneadh scrúdú ar pheil agus lúthchleasaíocht i ngach ceann de 27 Ballstát an AE agus clúdaíodh an tríú spórt, coitianta sa Bhallstát ar leith, freisin.

| **Ballstát an AE** | **Spóirt a scrúdaíodh** |
|---|---|
| An Ostair | Peil, lúthchleasaíocht, sciáil fána |
| An Bheilg | Peil, lúthchleasaíocht, cispheil |
| An Bhulgáir | Peil, lúthchleasaíocht, eitpheil |
| An Chipir | Peil, lúthchleasaíocht, cispheil |
| Poblacht na Seice | Peil, lúthchleasaíocht, haca oighir |
| An Danmhairg | Peil, lúthchleasaíocht, liathróid láimhe |
| An Eastóin | Peil, lúthchleasaíocht, cispheil |
| An Fhionlainn | Peil, lúthchleasaíocht, cispheil |
| An Fhrainc | Peil, cispheil, leadóg |
| An Ghearmáin | Peil, lúthchleasaíocht, liathróid láimhe |
| An Ghréig | Peil, lúthchleasaíocht, cispheil |
| An Ungáir | Peil, lúthchleasaíocht, póló uisce |
| Éire | Peil, lúthchleasaíocht, iománaíocht/camógaíocht |
| An Iodáil | Peil, lúthchleasaíocht, cispheil |
| An Laitvia | Peil, lúthchleasaíocht, haca oighir |
| An Liotuáin | Peil, lúthchleasaíocht, cispheil |
| Lucsamburg | Peil, lúthchleasaíocht, rothaíocht |
| Málta | Peil, lúthchleasaíocht, cispheil |
| An Ísiltír | Peil, lúthchleasaíocht, korfbal |
| An Pholainn | Peil, lúthchleasaíocht, rásaíocht luasraoin |
| An Phortaingéil | Peil, lúthchleasaíocht, liathróid láimhe |
| An Rómáin | Peil, lúthchleasaíocht, liathróid láimhe |
| An tSlóvaic | Peil, lúthchleasaíocht, haca oighir |
| An tSlóivéin | Peil, lúthchleasaíocht, sciáil fána |
| An Spáinn | Peil, lúthchleasaíocht, cispheil |
| An tSualainn | Peil, lúthchleasaíocht, haca oighir |
| An Ríocht Aontaithe | Peil, lúthchleasaíocht, cruicéad |

Tá dhá thuarascáil ar chiníochas, idirdhealú eitneach agus eisiamh na n-imirceach agus na mionlach i spórt san AE foilsithe ag Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha:

- *Ciníochas, idirdhealú eitneach agus eisiamh na n-imirceach agus na mionlach i spórt: Forbhreathnú comparáideach ar an scéal san Aontas Eorpach [Racism, ethnic discrimination and exclusion of migrants and minorities in sport: A comparative overview of the situation in the European Union]*
- *Ciníochas, idirdhealú eitneach agus eisiamh na n-imirceach agus na mionlach i spórt: An scéal san Aontas Eorpach – Tuarascáil achoimre [Racism, ethnic discrimination and exclusion of migrants and minorities in sport: The situation in the European Union – Summary report]*

Foilseofar *Lámhleabhar an dea-chleachtais* in 2011 le haghaidh cónaidhmeanna spóirt, cumainn, agus imreoirí nó lúthchleasaithe, le samplaí de thionscnaimh chun dul i ngléis le ciníochas, idirdhealú eitneach agus eisiamh na n-imirceach agus na mionlach i gcúrsaí spóirt.
Tá na tuarascálacha ar fáil ag www.fra.europa.eu